Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11155/23**

**ECOFIN 679**
**UEM 213**
**SOC 504**
**EMPL 355**
**COMPET 699**
**ENV 778**
**EDUC 291**
**RECH 323**
**ENER 414**
**JAI 926**
**GENDER 155**
**ANTIDISCRIM 149**
**JEUN 193**
**SAN 430**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9849/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 623 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Rómáine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Rómáine 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 623 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Rómáine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Rómáine 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar sainaithníodh an Rómáin mar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí. Mar sin, bheadh gá le grinn-athbhreithniú. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré na Glan-nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 (‘teachtaireacht an 8 Márta 2023’). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D’éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d’áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) Ar an 31 Bealtaine 2021, chuir an Rómáin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 3 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Rómáine[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Rómáin tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Glactar leis, trí na garspriocanna agus na spriocanna sin a bheith comhlíonta go sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

[6] 12319/2021; 12319/2021 ADD 1.

(10) An 11 Bealtaine 2023, thíolaic an Rómáin a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus, an 10 Bealtaine 2023, a Clár um Chóineasú 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile chun na naisc eatarthu a chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na Rómáine maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Rómáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Rómáine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Rómáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an Rómáin agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Rómáin. Baineann a leochaileachtaí go háirithe le cuntais sheachtracha, atá nasctha le heasnaimh mhóra rialtais, agus tháinig méadú ar bhrúnna róbhorrtha. Chuaigh an t-easnamh mór sa chuntas reatha go mór in olcas tar éis an chúlaithe eacnamaíoch arbh í paindéim COVID-19 ba chúis leis, agus a d'fhag go bhfuil an geilleagar leochaileach do thurraingí maoinithe sheachtraigh. Má leantar d'easnamh mór sa chuntas reatha, tá an baol ann go rachaidh an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta chun donais arís. Tá comharthaí róbhorrtha le feiceáil go soiléir, leis an bpríomhbhoilsciú míchompordach ard, fás pá go maith sna digití dúbailte agus ráta dífhostaíochta sách íseal. Meastar go gcobhsóidh na táscairí iomaíochais costais, ach tá saincheisteanna struchtúracha fós ann. Is cosúil go bhfuil an ráta malairte os cionn an leibhéil atá molta ag bunphrionsabail agus tá bainistiú trom á dhéanamh air fós. Ba mhór an t-easnamh rialtais le roinnt blianta anuas agus b'ionann é agus cuid mhaith den ró-éileamh agus de na heasnaimh sheachtracha ina dhiaidh sin; cé go bhfuil easnamh an rialtais ag dul i bhfeabhas, táthar fós ag tuar go bhfanfaidh sé suntasach in 2023 agus in 2024. Ba é fás suntasach OTI ainmniúil ba chúis le cúngú an easnaimh rialtais in 2022 den chuid is mó, rud atá ag brath go mór ar an róbhorradh ar an éileamh intíre. Tá na préimheanna riosca agus na costais iasachtaithe fiachas ceannasach i bhfad níos airde ná mar a bhí sna blianta roimh an bpaindéim. I bhfianaise an ghéaraithe leanúnaigh sna coinníollacha leachtachta domhanda, beidh sé tábhachtach treochtaí leanúnacha a aisiompú. Amach anseo, ba cheart gurbh é coigeartú fioscach an bealach is fearr chun an t-éileamh a thabhairt i gcomhréir níos mó leis an soláthar agus chun easnaimh intíre agus sheachtracha a shrianadh. Cur chun feidhme iomlán na n-athchóirithe cánach agus pinsin a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chomh maith le cloí le spriocanna fioscacha faoin nós imeachta maidir le heasnamh, ba mhór an cuidiú an méid sin chun cúrsaí reatha a shrianadh.

(13) An 3 Aibreán 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/509[7] maidir le heasnamh iomarcach a bheith sa Rómáin mar gheall ar neamhchomhlíonadh na tíre maidir leis an gcritéar easnaimh in 2019. An 3 Aibreán 2020, d'eisigh an Chomhairle Moladh[8] freisin d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach rialtais sa Rómáin faoi 2022 ar a dhéanaí. I bhfianaise an chraptha dhomhain sa ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le paindéim COVID-19 agus i bhfianaise an ghá ghaolmhair atá le beartais fhioscacha chun tacú leis an téarnamh, d'eisigh an Chomhairle Moladh nua[9] an 18 Meitheamh 2021 chun deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin faoi 2024 ar a dhéanaí. Sa Mholadh uaithi an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle don Rómáin a heasnamh ginearálta rialtais a laghdú go dtí 8.0 % de OTI in 2021, 6.2 % de OTI in 2022, 4.4 % in 2023 agus 2.9 % de OTI in 2024. Bhí sé sin comhsheasmhach le ráta fáis ainmniúil de ghlanchaiteachas príomha rialtais 3.4 % in 2021, 1.3 % in 2022, 0.9 % in 2023 agus 0.0 % in 2024. D'fhreagair sé sin do choigeartú struchtúrach bliantúil de 0.7 % de OTI in 2021, 1.8 % de OTI in 2022, 1.7 % in 2023 agus 1.5 % de OTI in 2024. Sonraíodh sa Mholadh an 18 Meitheamh 2021 freisin gur cheart aon amhantair ioncaim a úsáid chun easnamh ginearálta rialtais a laghdú, agus gur cheart don Rómáin a áirithiú go gcuirfear a creat fioscach náisiúnta i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach. Ar deireadh, dúirt an Chomhairle freisin go mbeidh sé tábhachtach tacú leis an gcomhdhlúthú fioscach trí athchóirithe cuimsitheacha chun a áirithiú go n-éireoidh leis an straitéis fhioscach mheántéarmach.

---

7 Cinneadh (AE) 2020/509 ón gComhairle an 3 Aibreán 2020 maidir le heasnamh iomarcach a bheith sa Rómáin (IO L 110, 8.4.2020, lch. 58).

8 Moladh ón gComhairle an 3 Aibreán 2020 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach rialtais sa Rómáin (IO C 116, 8.4.2020, lch. 1).

9 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach rialtais sa Rómáin (IO C 304, 29.7.2021, lch. 111).

(14) Dé réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtais na Rómáine ó 7.1 % de OTI in 2021 go 6.2 % de OTI in 2022, agus thit ollfhiachas rialtais ó 48.6 % de OTI ag deireadh 2021 go 47.3 % ag deireadh 2022. Tá sé sin ag teacht leis an sprioc maidir le heasnamh ceannlíne a mhol an Chomhairle in 2022. Ba é 0.4 pointe céatadáin de OTI an coigeartú ar an gcomhardú struchtúrach do 2022, go mór faoi bhun an 1.8 pointe céatadáin OTI atá molta. Tá gá le hanailís chúramach atá bunaithe ar an tagarmharc caiteachais chuige sin. In 2022, bhí an glanfhás caiteachais phríomha (coigeartaithe do bhearta aonuaire agus do bhearta beartais fhioscaigh ar thaobh an ioncaim) ag 14.1 % os cionn an 1.3 % atá molta. Tháinig stad nach mór leis an bhfeabhas ar an gcomhardú struchtúrach in 2022, cé go raibh ioncam rialtais níos airde ná mar a bhí coinne leis, rud a chuir borradh faoi fhíorfhás láidir OTI, boilsciú ard, agus comhdhéanamh fabhrach an fháis eacnamaíoch. Ó thaobh an chaiteachais de, tháinig laghdú ar phá poiblí agus ar cheannach earraí agus seirbhísí mar sciar de OTI ainmniúil i ngeall ar innéacsú páirteach agus uasteorainn féin-fhorchurtha ar cheannacháin. Mar sin féin, d’fhás an chuid is mó de na hítimí caiteachais eile i bhfad níos tapúla ná mar a bhí beartaithe, i bpáirt mar gheall ar iontas mór boilscithe, rud a thugann le fios gur úsáideadh cuid de ghnóthachain amhantair ioncaim chun caiteachas breise i gcoibhneas le pleananna a mhaoiniú.

(15) Bhí tionchar ag bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh leis na bearta beartais fhioscaigh sin uasteorainneacha ar phraghsanna do tharaifí leictreachais agus gáis nádúrtha do thomhaltóirí teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh araon. Áiríodh leis freisin íocaíochtaí speisialta le pinsinéirí ar ioncam íseal, dearbháin bhia do theaghlaigh ar ioncam íseal (lena n-áirítear pinsinéirí agus mic léinn) agus fóirdheontais bhreosla. Rinneadh costas na mbeart sin a fhritháireamh i bpáirt le cánacha nua ar bhrabúis amhantair na gcuideachtaí a tháirgeann fuinneamh intíre. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 0.4 % de OTI. Ina theannta sin, bhí tionchar imeallach ag costas buiséadach chun cosaint shealadach a chuir ar fáil do dhaoine easáitithe as an Úcráin ar chomhardú ginearálta an rialtais, arb ionann é agus 0.0 go 0.1 % de OTI in 2022.

(16) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha sa Chlár um Chóineasú 2023, is cás é atá níos fabhraí ná réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 2.8 % in 2023 agus 4.8 % in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh fíorfhás OTI 3.2 % ann in 2023 agus 3.5 % in 2024. Léiríonn réamhaisnéis fáis an Choimisiúin. atá i bhfad níos ísle le haghaidh 2024, dearcadh an Choimisiúin maidir leis an tionchar moillithe atá ag an ngéarú airgeadaíochta ar an ngeilleagar. Léiríonn sé freisin dearcadh an Choimisiúin go bhfuil geilleagar na Rómáine ag feidhmiú gar dá leibhéal féideartha, rud a mheastar a bheith réasúnta i bhfianaise rátaí boilscithe príomha arda greamaitheacha agus ráta dífhostaíochta réasúnta íseal. Cuireann sé sin teorainn leis an bhféidearthacht d’fhás neamhbhoilscithe.

(17) Ina Chlár um Chóineasú 2023, measann an rialtas go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh ginearálta rialtais ó 6.2 % de OTI in 2022 go 4.4 % in 2023, mar atá molta ag an gComhairle. Léiríonn an laghdú mór srian le caiteachas pleanáilte, lena n-áirítear laghduithe suntasacha ar fhíorphá oibrithe poiblí, agus roinnt beart chun ioncam a fheabhsú, lena n-áirítear méadú ar an ráta cánach díbhinne, laghdú ar an tairseach chun tairbhe a bhaint as an ráta cánach íseal faoin gcóras micrifhiontar, agus méaduithe ar rátaí CBL ar tháirgí roghnaithe. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go laghdóidh an cóimheas ollfhiachais–OTI go 47.3 % ag deireadh 2022, agus go 47.1 % ag deireadh 2023.

(18) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh leo ó 2022, eadhon uasteorainneacha ar phraghsanna do tharaifí leictreachais agus gáis nádúrtha, fóirdheontais do ghrúpaí ísealioncaim den daonra agus íocaíochtaí speisialta le pinsinéirí ar ioncam íseal. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh den chuid is mó le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh intíre agus ar chorrlaigh trádála. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, meastar gurb é 0.3 % de OTI glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta in 2023. Tá formhór na mbeart in 2023 dírithe ar na teaghlaigh is leochailí, cé nach gcaomhnaíonn siad go hiomlán an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

(19) Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais de 4.7 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin 0.3 pointe céatadáin de OTI níos airde ná an t-easnamh atá tuartha sa Chlár um Chóineasú 2023, go príomha mar gheall ar chaiteachas réamh-mheasta níos airde go háirithe maidir le hearraí agus seirbhísí, aistrithe sóisialta agus caiteachas reatha eile, a mheastar go dtiocfaidh méadú orthu go léir i bhfad níos moille ná an boilsciú i gClár um Chóineasú 2023. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag tuar fás ar ioncam cánach atá beagán níos airde ná an Clár um Chóineasú 2023, rud a léiríonn fás OTI níos airde den chuid is mó. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an cóimheas ollfhiachais–OTI beagán níos ísle (45.6 % ag deireadh 2023) ná mar atá sa Chlár um Chóineasú 2023.

(20) Is é an t-easnamh ceannlíne réamh-mheasta don bhliain 2023 i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún 0.3 pointe céatadáin de OTI os cionn na príomhsprice maidir le heasnamh a mhol an Chomhairle. Meastar gurb ionann an coigeartú struchtúrach agus thart ar 1.5 % de OTI, rud a léiríonn laghdú ar fhíorphá san earnáil phoiblí agus reo fostaíochta san earnáil phoiblí nua, chomh maith leis na bearta ioncaim a ndéantar cur síos orthu thuas. Mar sin féin, tá an coigeartú beagán níos ísle ná na 1.7 pointe céatadán de OTI atá molta. Tá gá le hanailís chúramach atá bunaithe ar an tagarmharc caiteachais chuige sin. In 2023, tuartar go mbeidh glanfhás caiteachais phríomha (coigeartaithe do bhearta aonuaire agus do bhearta beartais fhioscaigh ar thaobh an ioncaim) ag 8.3 % i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, os cionn an 0.9 % atá molta. Dá bhrí sin, léiríonn gach ceann de na trí tháscaire go bhfuil riosca ann go n-imeoidh siad ón gcoigeartú atá molta. I gcomhthéacs an bhoilscithe ard, leanfaidh caiteachas an rialtais de bheith ag méadú níos tapúla ná mar a mhol an Chomhairle an 18 Meitheamh 2021. Bunaithe ar mhionanailís, tá baol ann nach gcomhlíonfaidh an Rómáin na spriocanna fioscacha do 2023 a leagadh amach sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021.

(21) De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar easnamh ginearálta rialtais go 2.9 % de OTI in 2024, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 faoin nós imeachta um easnamh iomarcach. Léiríonn an laghdú atá beartaithe in 2024 srian leanúnach le caiteachas den chuid is mó, le laghdú réamh-mheasta ar chaiteachas rialtais ó 38.4 % de OTI go 36.9 % de OTI. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú go 46.1 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4.4 % de OTI in 2024. Tá sé sin níos airde ná an t-easnamh atá tuartha sa Chlár um Chóineasú 2023, ós rud é gur cosúil nach leor na bearta a fógraíodh chun an iarracht fhioscach a mhol an Chomhairle sa nós imeachta um easnamh iomarcach a bhaint amach. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún tuartar cóimheas ollfhiachais–OTI níos airde (46.1 %) ag deireadh 2024.

(22) Is é an t-easnamh ceannlíne do 2024 i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ná 1.5 pointe céatadáin de OTI os cionn na príomhsprioc easnaimh a mhol an Chomhairle, agus tuartar gur 0.3 pointe céatadáin de OTI a bheidh sa choigeartú ar an gcomhardú struchtúrach in 2024, i gcomparáid leis an 1.5 pointe céatadáin OTI a mholtar. Tá gá le hanailís chúramach atá bunaithe ar an tagarmharc caiteachais chuige sin. In 2024, tuartar go mbeidh glanfhás caiteachais phríomha (coigeartaithe do bhearta aonuaire agus do bhearta beartais fhioscaigh ar thaobh an ioncaim) ag 9.5 % i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, os cionn an 0.0 % atá molta. Dá bhrí sin, léiríonn gach ceann de na trí tháscaire go bhfuil riosca ann go n-imeoidh siad ón gcoigeartú atá molta. Leis an easpa iarrachtaí fioscacha suntasacha atá tuartha do 2024, léirítear go páirteach tionchar na rialacha innéacsaithe sa Rómáin (léireoidh babhta innéacsaithe 2024 do phinsin agus don íosphá na rátaí arda boilscithe a taifeadadh in 2022). Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go n-áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta roinnt beart agus athchóirithe a d'fhéadfadh, dá nglacfaí iad agus dá gcuirfí chun feidhme iad in am, méadú suntasach ar ioncam rialtais a bhaint amach faoi 2024 agus a chuideodh leis an sprioc maidir le heasnamh a bhaint amach. Ar an iomlán, bunaithe ar mhionanailís, tá baol ann nach gcomhlíonfaidh an Rómáin na spriocanna fioscacha do 2024 a leagadh amach sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021. I bhfianaise go bhfuil baol ann nach mbainfear amach na spriocanna fioscacha a moladh in 2023 agus in 2024, dealraíonn sé go mbeidh bearta buiséadacha breise ag teastáil chun conair an choigeartaithe a chomhlíonadh agus an t-easnamh iomarcach a cheartú faoi 2024, agus chun an seasamh seachtrach a neartú.

(23) Tagraíonn an Clár um Chóineasú 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí atá beartaithe faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, a mheastar a rannchuideoidh leis an inbhuanaitheacht fhioscach agus leis an bhfás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin athchóirithe suntasacha ar an gcóras pinsin (pinsin speisialta agus córais ghinearálta araon), athchóiriú cánach uaillmhianach, iarrachtaí chun riarachán cánach a neartú, agus athchóirithe ar fhiontair atá faoi úinéireacht an Stáit. Chuideodh cur chun feidhme iomlán na n-athchóirithe sin leis na spriocanna maidir le heasnamh, a leag an Chomhairle síos faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, a bhaint amach.

(24) Beartaítear leis an gClár um Chóineasú 2023 deireadh a chur de réir a chéile le formhór na mbeart tacaíochta fuinnimh in 2025. Glacann an Coimisiún leis freisin go gcuirfear deireadh de réir a chéile le beagnach gach beart tacaíochta fuinnimh (glanioncam de 0.1 % de OTI in 2024). Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(25) Leagtar amach sa Chlár um Chóineasú 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, tá an t-easnamh ginearálta rialtais dírithe ar 2.9 % de OTI a choinneáil in 2025 agus in 2026, bunaithe ar fhíor-OTI a bheith ag fás 5.0 % in 2025 agus 4.6 % in 2026, rud atá go mór os cionn na hacmhainneachta. Tar éis laghdú mór ó 39.8 % in 2021 go 36.9 % in 2024, d'fhanfadh an cóimheas ollfhiachais–OTI gan athrú a bheag nó a mhór in 2025 agus 2026. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 46.1 % ag deireadh 2024 go 45.4 % faoi dheireadh 2026.

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine faoi lán seoil, cé go bhfuil riosca moilleanna ag dul i méid. Chuir an Rómáin dhá iarraidh ar íocaíocht isteach a chomhfhreagraíonn do 72 gharspriocanna agus spriocanna sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus arb é an toradh a bhí orthu gur eisíocadh EUR 2.6 billiún glan de réamh-mhaoiniú don chéad iarraidh ar íocaíocht, agus tá an measúnú ar an dara ceann fós ar siúl. Is iad rialachas lag agus cumas teoranta an riaracháin phoiblí is cúis leis an mbaol go gcuirfear moill ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, lena n-áirítear trí acmhainní daonna leordhóthanacha a áirithiú, chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an bplean agus chun infheistíochtaí a chur chun feidhme go tráthúil. Thairis sin, beidh tiomantas polaitiúil agus úinéireacht leanúnach ag teastáil chun athchóirithe struchtúracha tábhachtacha a thabhairt chun críche. I bhfianaise ábharthacht shuntasach mhaicreacnamaíoch agus fhioscach an phlean, bheadh sé ríthábhachtach na bearta a chur chun feidhme go tráthúil agus ina n-iomláine chun leochaileachtaí seachtracha agus fioscacha a shrianadh. Meastar go ndéanfar athbhreithniú ar an bplean in 2023, chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh, i measc rudaí eile, agus an laghdú ar thacaíocht neamh-inaisíoctha mar gheall ar théarnamh láidir eacnamaíoch na Rómáine á chur san áireamh ag an am céanna. Tá plé fós ar siúl mar gheall ar an méid sin. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Rómáine i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(27) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid uile chlársceidealú bheartas comhtháthaithe na Rómáine in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Rómáin.

(28) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an nGearmáin a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh agus leis an aistriú glas.

(29) Tá dúshláin a bhaineann leis an dícharbónú roimh an Rómáin ós rud é go bhfuil an tír fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise. Tháinig méadú beag ar sciar na mbreoslaí iontaise (gual, ola agus gás) in 2021 i gcomparáid le 2020. Ba é 72 % an sciar a bhí ann in 2021, agus ní raibh ach thart ar 20 % i gceist le foinsí in-athnuaite. Is í an Rómáin an dara táirgeoir gáis is mó san Aontas, agus freastalaíonn sí ar an margadh intíre den chuid is mó. Dá ndíreofaí ar leathadh amach éifeachtach foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar earnáil chónaithe atá i bhfad níos tíosaí ar fhuinneamh agus ar úsáid teicneolaíochtaí nua in earnáil na tionsclaíochta, chuideofaí leis an Rómáin spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais agus náisiúnta don bhliain 2030 a leagtar amach sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' a bhaint amach. Tháinig laghdú 20 % ar thomhaltas gáis nádúrtha sa Rómáin idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, rud a sháraíonn an sprioclaghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[10]. D'fhéadfadh an Rómáin bearta sealadacha laghdaithe ar an éileamh ar ghás a shaothrú go dtí an 31 Márta 2024. de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[11].

---

**10** Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

**11** Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(30) Tá sé ríthábhachtach acmhainneacht na heangaí a mhéadú chun úsáid breoslaí iontaise a laghdú agus chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Ba cheart foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in ionad acmhainn dhíchoimisiúnaithe an ghuail agus na cumhachta dar lón tine an lignít, a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh sé curtha i gcrích faoi 2032 mar atá leagtha síos i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine. Mar sin féin, cuireann na heangacha leictreachais tarchurtha agus dáileacháin atá ann faoi láthair teorainn le hionsú acmhainneacht na bhfoinsí in-athnuaite nua. Cuireann scrogaill san eangach bac ar úsáid fuinnimh in-athnuaite. Tá gá le hinfheistíocht chun na heangacha atá ann cheana a uasghrádú agus a dhigitiú chun táirgeadh nua ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú agus an acmhainneacht idirnaisc le Ballstáit chomharsanachta a mhéadú, i gcomhréir leis na cuspóirí aeráide. Bheadh gá le pleanáil leordhóthanach agus ardleibhéil maidir le córais chomhtháite le haghaidh uasghráduithe agus leathnaithe eangaí (ar leibhéal tarchurtha agus dáileacháin araon) chun freagairt don éileamh agus do riachtanais solúbthachta. Ina theannta sin, dá ndéanfaí ainmniú na sprioclimistéar a shimpliú agus nósanna imeachta gaolmhara a chuíchóiriú a thuilleadh, lena n-áirítear úsáid suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a shimpliú (mar shampla painéil ghréine) i bhfoirgnimh, chuirfí feabhas ar an staid mar atá faoi láthair, áit a bhfuil sé sách éasca ceadanna a fháil chun gléasraí cumhachta in-athnuaite a shuiteáil, ach tá sé níos dúshlánaí na ceadanna is gá a fháil chun iad a nascadh leis an eangach.

(31) In earnáil na tógála, bheadh gá le maoiniú breise do stoc foirgneamh na tíre chun spriocanna náisiúnta níos airde a bhaint amach don bhliain 2030. I bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine, beartaítear athchóiriú a dhéanamh ar 2.4 milliún m² d'fhoirgnimh phoiblí agus 4.4 milliún m² d'fhoirgnimh chónaithe, agus tá cistí curtha ar leataobh ag an mbeartas comhtháthaithe do 1.6 milliún m² d'athchóiriú sa dá earnáil. Mar sin féin, tá an drochrochtain ar fhaisnéis agus maoiniú i ndáil le hathchóirithe fuinnimh agus suiteálacha fuinnimh in-athnuaite isteach ina bac tromchúiseach ar fheabhsuithe breise. Go háirithe, le rochtain níos fearr ar mhaoiniú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí beaga chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, chuideofaí go mór le spleáchas na Rómáine ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar bhochtaineacht fuinnimh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh údaráis réigiúnacha agus áitiúla tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir le conas rochtain a fháil ar chistí athchóirithe fuinnimh agus ar na cineálacha suiteálacha beaga fuinnimh in-athnuaite a d'fhéadfaí a úsáid i bhfoirgnimh agus i dtithe.

(32) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d’athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú, le tacaíocht ó bheartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. In 2022, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair sa Rómáin le haghaidh roinnt gairmeacha go bhfuil scileanna nó eolas sonrach ag teastáil dóibh le haghaidh an aistrithe ghlais, lena n-áirítear oibrithe inslithe, innealtóirí sibhialta agus bainisteoirí tógála.

(33) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár um Chóineasú 2023 agus léirítear a tuairim[12] i moladh (1).

(34) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a mheasúnú, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus ar an gClár um Chóineasú 2023. Léirítear a moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí atá nasctha le cuntais sheachtracha, arna spreagadh ag easnaimh fhioscacha mhóra, agus le saincheisteanna iomaíochais atá ag teacht chun cinn an athuair. Cuideoidh moltaí (2) agus (3) le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1),

12 Faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Rómáin gníomhaíocht in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Beartais fhioscacha a shaothrú i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach rialtais sa Rómáin faoi 2024, agus chun staid sheachtrach na Rómáine a neartú.

   Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú de réir a chéile agus inbhuanaithe, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

2. Rialachas éifeachtach a áirithiú agus an acmhainneacht riaracháin a neartú chun gur féidir leanúint den phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go mear agus go leanúnach. Bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d'fhonn tús a chur go tapa lena cur chun feidhme. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, go háirithe trí fhuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid níos tapúla agus trí acmhainneacht eangaí a fheabhsú chun go mbeidh acmhainneacht nua in ann oibriú sa mhargadh. Cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus leis an uaillmhian maidir le hiarrachtaí athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear trí rochtain níos fearr ar fhaisnéis agus ar roghanna airgeadais inbhuanaithe a chur ar fáil. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*